Cineálacha Féir agus Seamar Bán

Liosta Molta na hÉireann 2017

AN RANNÁN MEASÚNACHTA AGUS DEIMHNITHE BARR

Department of Agriculture, Food and the Marine
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Department of
Agriculture,
Food and the Marine
An Roinn
Talmhaíochta,
Bia agus Mara

www.agriculture.gov.ie

CLÁR LEATHANACH

Réamhrá	4
Prótacal don Liosta Molta	6
Achoimre ar na cineálacha go léir ar Liosta Molta 2017	9
Na Príomh-Tháblaí a ghabhann le Liosta Molta 2017	11
Seagalach Iodálach ilbhláthach, Seagalach Hibride agus Seagalach Luath Bhuan	11
Nóta faisnéise maidir leis na sonraí atá ann i dTáblaí na Seagalaí Idirmheánaí Buaine agus na Seagalaí Luaithe Buaine 2017	12
Fo-Innéacsanna an Innéacs Brabúis Féaraigh (PPI)	13
Cineálacha Molta Seagalaí Idirmheánaí Buaine agus Seagalaí Déanaí Buaine 2017	14
Cineálacha Molta Seagalaí Idirmheánaí Buaine agus Seagalaí Déanaí Buaine 2017 (de réir aibíochta agus plóideachta)	15
Tuairiscí ar Chineálacha Féir	16
Cineálacha Molta Seamar Bán 2017	22
Tuairiscí ar Chineálacha Seamar Bán	23
Aguisín 1: Bonnluachanna an Innéacs Brabúis Féaraigh (PPI)	24
Aguisín 2: Cineálacha Cóimheasa	25
Aguisín 3: Cuspóir Ginearálta - Gearrthacha Breise	27
Aguisín 4: Sonraí maidir le Díleáiteacht Ábhair Thirim (DMD)	28
Aguisín 5: Mionsonraí faoi Phóraitheoirí	29

Is ceart iarrataí chun an leabhrán seo a fháil a chur chuig:

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)
An Rannán Beartais, Táirgeachta & Sábháilteachta Barr
Campas Bhacastúin,
Crois an tSiúnaigh,
Cill Droichid,
Co. Chill Dara

nó:-

le ríomhphost chuig: AnnL.Murphy@agriculture.gov.ie

Mar mhalairt air sin, is féidir an fhaisnéis a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara: -

www.agriculture.gov.ie

Téigh chuig an láithreán gréasáin agus cliceáil ar **Foilseacháin**

Fógra d'Fhoilsitheoirí

Ní fhéadfar na sonraí faoi chineálacha a fhoilsiú mura rud é go dtugtar admháil shoiléir i leith fhoinse an ábhair agus an fhoinse sin á lua mar fhoilseachán dar teideal 'Liosta na gCineálacha Féir agus Seamar Bán d'Éirinn 2017' arna ullmhú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Réamhrá

Síolta seagalaí buaine, seagalaí Iodálaí ilbhláthaí agus seimre Báine go formhór a dhíoltar in Éirinn mar shíolta féir/seimre talmhaíochta. Is í an tseagalach bhuan an ceann is tábhachtaí ar fad díobh sin. Ní dhéantar speicis eile féir agus seimre a úsáid de ghnáth. Baineann saintréithe difriúla feidhmíochta le cineálacha ar leithligh, ag brath ar aibíocht agus ar phlóideacht. D'fhéadfadh na difríochtaí sin a bheith níos suntasaí fós de bharr nithe amhail aeráid, an cineál ithreach agus an córas feirmeoireachta. Is ionann éilimh mhéadaithe ar fhéarach, i dtaca le féar luath earraigh, táirgeadh lárshéasúir, innilt fhadaithe san fhómhar etc., agus a rá gur gá a bheith cúramach le linn meascáin oiriúnach síolta féir a roghnú. Maidir leis na cineálacha go léir féir agus seimre atá liostaithe sa leabhrán seo, tá sé cruthaithe ina leith, thar thréimhse áirithe blianta i roinnt ionad éagsúil, go bhfeidhmíonn siad go maith agus gurb iad na cineálacha is oiriúnaí iad do dhálaí na hÉireann.
Is ceart do shaothróirí tús áite a thabhairt do na cineálacha sa Liosta Molta mura rud é go bhfuil fianaise an-mhaith ann go bhfuil cineál éigin eile níos oiriúnaí do dhálaí an tsaothróra lena mbaineann.

Grúpáil de réir Aibíocht an Chineáil

Seagalach Bhuan: - Síolta den speiceas féir seo atá i gceist le tuairim is 95% de na síolta féir foráiste a dhíoltar in Éirinn. Déantar seagalach bhuan a ghrúpáil ina trí ghrúpa aibíochta (**luath, idirmheánach** agus **déanach**) ar bhonn an dáta teacht i ndias.

Cineálacha luatha: - Teacht i ndias sa chéad leath de Bhealtaine. I gcás cineálacha luatha buana, bíonn torthaí an-mhaith ann le haghaidh innilt luath earraigh agus le haghaidh sadhlas ón gcéad bharr. D'fhéadfadh fadhb a bheith ann mar gheall ar athfhás cosach i gcás ina ligtear tréimhsí fhada fáis gan bhriseadh a bheith ann gan innilt ná gearradh. Le blianta beaga anuas, tá meath tagtha ar úsáid an ghrúpa seo in Éirinn agus tá leibhéal na ndíolachán an-íseal.

Cineálacha idirmheánacha: - Teacht i ndias sa dara leath de Bhealtaine agus tá siad ar fheabhas chun gearrthacha sadhlais ardchaighdeáin a tháirgeadh ag deireadh Bhealtaine agus i lár mhí Iúil. Cé nach dtéann sé i dtéagar chomh luath le cineálacha buana, tá na torthaí foriomlána sadhlais chomh maith céanna leo. Oireann cineálacha a bhaineann leis an ngrúpa seo do raon leathan córas bainistíochta agus is ceart iad a chur san áireamh in aon mheascán síolta. I gcoitinne, níl an fás a bhaineann leo san earrach chomh maith le cineálacha luatha buana ach tugann siad clúdach talún níos fearr.

Cineálacha déanacha: - Teacht i ndias sa chéad leath de Mheitheamh agus tá claonadh iontu fás feadh na talún. Saintréith dá gcuid is ea dlúis arda athghais, tugann siad clúdach maith talún agus oireann siad go maith d'fhéarach innilte fadtéarma. Cuireann cineálacha déanacha gearrthacha dea-chaighdeáin sadhlais ar fáil i dtús an Mheithimh agus ag deireadh mhí Iúil agus bíonn siad duilleach i lár an tsamhraidh. De ghnáth, ní bhíonn an fás earraigh ina leith chomh maith le fás earraigh na gcineálacha Idirmheánacha.

Má bhíonn dea-bhainistíocht innilte ann, bíonn cineálacha déanacha buana an-mharthanach agus is féidir leo maireachtáil go han-mhaith ar feadh roinnt mhaith blianta.

Seagalach Iodálach ilbhláthach: - Is fearr a oireann siad do bhánta gearrthéarma 2 bhliain nó trí bliana. Fásann siad go luath san earrach ach d'fhéadfadh deacrach a bheith ann maidir lena mbainistiú i lár an tséasúir mar gheall ar athfhás cosach. Tá cineálacha Iodálacha oiriúnach do dhiantáirgeadh sadhlais agus, ina theannta sin, is féidir leo deiseanna fóinteacha innilte a chur ar fáil san earrach agus ag deireadh an fhómhair. Tá claonadh iontu dlúis ísle báinsí a bheith acu agus bíonn siad inphasáilte faoi dhálaí dochracha.

Seagalach hibride: - Is ionann na cineálacha seo agus toradh crosála idir seagalach Iodálach ilbhláthach agus seagalach Bhuan. I gcoitinne, léiríonn siad tréithe de chuid ceann amháin de na máthairchineálacha. Go hiondúil, bíonn torthaí níos fearr le fáil ó sheagalach hibride ná mar a bhíonn ann i gcás na ngrúpaí Idirmheánacha agus Déanacha seagalaí buaine ach ní bhíonn siad chomh maith le seagalach Iodálach ilbhláthach. Bíonn na cineálacha hibride níos cosaí de ghnáth sa samhradh ná mar a bhíonn na cineálacha Idirmheánacha agus Déanacha, ach ní bhíonn siad chomh cosach le seagalach Iodálach ilbhláthach.

Seamra bána: - Bíonn siad san áireamh mar chomhchuid den chuid is mó meascán síolta féir ós rud é go ngabhann luach cothaitheach leo agus go bhfuil acmhainn fosaithe nítrigine acu. Aicmítear iad de réir mhéid na duilleoige agus is iad seo a leanas na haicmí atá ann: an-mhór, mór, meánach agus beag. Tá na cineálacha sna haicmí 'an-mhór' agus 'mór' measartha fulangach i leith úsáid leasacháin nítriginigh agus déanann siad go maith i gcomparáid le féir choimhdeachta, rud a fhágann go bhfuil siad oiriúnach chun sadhlas a tháirgeadh. Is fearr a oireann na cineálacha san aicme 'meánach' don innilt, ach is féidir iad a úsáid i meascáin sadhlais freisin. Ní oireann na cineálacha beagdhuilleacha ach amháin don innilt.

Plóideacht

Le déanaí, is iad na cineálacha **dioplóideacha** is mó a bhíonn ann i meascáin in Éirinn, ach tá cineálacha **teitreaplóideacha** ina gcomhchuid thábhachtach de mheascáin síolta féir. I gcomparáid le dioplóidigh, tá caighdeán níos airde ag baint leo de ghnáth, is fearr leis an mbeostoc an blas atá acu (iontógáil níos airde) agus tá siad níos fulangaí i leith triomaigh. Ach tá dlúis athghais i bhfad níos ísle acu, rud a fhágann go mbíonn níos mó báinseach oscailte ann. I gcomparáid le dioplóidigh, bíonn an cion ábhair thirim atá iontu níos ísle freisin de ghnáth. Ar ithreacha troma a thagann faoi réir pasáil, d''fhéadfadh an mharthanacht a bheith níos laige freisin. Beidh gá le rátaí síolaithe níos airde freisin, i dtaca le féir theitreaplóideacha de, ó tharla go bhfuil a gcuid síolta níos mó ó thaobh méide de. San fhoilseachán seo, léiríonn (T) cineálacha teitreaplóideacha agus dioplóidigh atá i gceist leis na cineálacha eile go léir.

FÓGRA TÁBHACHTACH: - Tá gach cúram cuí glactha ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) le linn measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcineálacha liostaithe in Éirinn i dtaca le torthaí, dáta teacht i ndias, clúdach talún agus tréithe agranamaíocha eile de (ar feadh tréimhse íosta 3 bliana) i raon ionad, ithreacha agus dálaí timpeallachta. Ní féidir le RTBM, áfach, glacadh le freagracht i leith aon chaillteanais nó ceataí a éiríonn as aon athrú amach anseo ar fheidhmíocht iomlánach nó choibhneasta aon chineáil ar leith.

Prótacal don Liosta Molta

Trialacha agus láithreáin na dtrialacha
Déantar measúnú ar chineálacha i ndáil le dhá shíolchur ar leithligh, agus gach síolchur díobh sin á baint ar feadh dhá bhliain tar éis na bliana ina ndéantar an síolchur. Seoltar trialacha ar Fheirm Backweston, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara (Ceanncheathrú); i Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí; i Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall; i mBaile Átha an Rí, Co. Na Gaillimhe; agus i mBaile an Phoill, Co. Chill Chainnigh. Déantar na trialacha in ithreacha mianracha dea-chaighdeáin agus roghnaítear na cineálacha is fearr a oireann do dea-chleachtais feirmeoireachta tráchtála.

Féir
Déantar síolta seagalaí buaine (teacht i ndias Luath, Idirmheánach agus Déanach), seagarlaí Iodálaí ilbhláthaí agus seagalaí Hibride a chur i mBealtaine/Lúnasa agus socraíonn siad síos sa talamh i rith an chuid eile den bhliain sin. (Le blianta beaga anuas, rinneadh an síolchur ar fad i dtréimhse mhí Bhealtaine). Déantar measúnacht ar na trialacha ansin thar an tréimhse dhá bhliain ina dhiaidh sin faoi dhá chóras éagsúla; córas 6 ghearradh agus córas 8 go 10 ngearradh I gcás gach triail ar leith, cloítear le haon chóras amháin ar fud na tréimhse dhá bhliain. San fhoilseachán seo, déantar tagairt don chóras 6 ghearradh mar chóras **Cuspóra Ghinearálta/Sadhlais 2- Ghearradh** agus cuimsíonn sé gearradh amháin innilte earraigh, agus, ina dhiaidh sin, dhá ghearradh sadhlais agus, ansin, trí ghearradh innilte. Déantar na torthaí ó shíolchur na trialach seo sna blianta ó 2003 go 2014 a chur i láthair san fhoilseachán seo (dhá ghearradh sadhlais sna príomh-tháblaí agus 'gearrthacha breise' in Aguisín 3).

San fhoilseachán seo, déantar tagairt don chóras 8-10 ngearradh mar chóras **Innilte Ionsamhlaithe** (gearradh tráthrialta) agus cuimsíonn sé an líon gearrthacha a dhéantar ag eatraimh a chomhfhreagraíonn do ghnáthchleachtas innilte uainíochta tráchtála. Thug RTBM an córas sin isteach don síolchur a rinneadh sa bhliain 2010. Is é is cuspóir dó ná sonraí a sholáthar faoi fheidhmíocht cineálacha ar sonraí iad a oireann do staideanna ina ndéantar innilt ar fhéarach ar fud an tséasúir fáis. Déantar na torthaí ó shíolchur na trialach seo sna blianta ó 2010 go 2014 a chur i láthair san fhoilseachán seo sna Príomh-Tháblaí.

Déantar cineálacha **seimre báine** a chur i meascán le seagalach bhuan idirmheánach i mBealtaine/Lúnasa, agus tar éis bliana ina socraíonn siad síos sa talamh déantar measúnacht orthu thar an dá bhliain ina dhiaidh sin faoi

chóras 6-7 ngearradh. Tástáiltear seamra bána faoi chóras ionchuir ísil leasacháin nítrigine inarb é atá sa riaradh iomlán bliantúil ná 50kg Nítrigin in aghaidh an heicteáir (50kg N/ha) agus úsáidtear é san earrach. Rinneadh innilt ag caoirigh lá amháin díreach tar éis gearradh a thabhairt isteach do shíolchur na bliana 2010, agus do shíolchur dá éis sin, ar dhá láithreán trialach.

Tá an **dáta teacht i ndias** bunaithe ar an gcéad dáta teacht i ndias san earrach. Déantar é a chinneadh trí scrúdú a dhéanamh ar phlandaí féir ar leithligh a cuireadh i rith an tsamhraidh/fhómhair roimhe sin. Déantar é le linn saintrialacha thar roinnt blianta ar láithreáin éagsúla. Léiríonn an dáta teacht i ndias luaithe nó maille i dtaca le staid aibíochta a bheith bainte amach ag cineál ar leith san earrach. Ní ceart na dátaí atá liostaithe a úsáid ach amháin mar threoir ós rud é go mbeidh difríochtaí ann idir dátaí teacht i ndias, ag brath ar ionad, ar aeráid agus ar dháta na hinnilte is déanaí. De ghnáth, is lú an seans, i gcás cineálacha ag a bhfuil dáta déanach teacht i ndias, go dtiocfaidh siad i ndias i lár an tsamhraidh ná mar is fíor i gcás na gcineálacha luatha. I gcórais innilte uainíochta, is lú an seans, de ghnáth, go dtáirgfidh cineálacha ag a bhfuil dátaí measartha déanach teacht i ndias cinn síolta i lar an tsamhraidh ná mar a tharlaíonn i gcás cineálacha ag a bhfuil dátaí luatha teacht i ndias. Is dóiche go dtarlóidh teacht i ndias láir samhraidh i gcásanna triomaigh agus/ nó innilte moillithe agus bíonn sé ina chúis le meath ar cháilíocht an tráth sin den bhliain. Laghdaítear an riosca sin trí chineálacha ag a bhfuil na dátaí is déanaí teacht i ndias.

Is féidir an **Toradh iomlán** (Innilt Ionsamhlaithe) do gach cineál a ríomh ó thorthaí séasúracha an earraigh, an tsamhraidh agus an fhómhair agus cuirtear na torthaí sin ar fáil sna príomh-tháblaí. Taispeánann na táblaí na meántorthaí ina dtonaí d'ábhar tirim in aghaidh an heicteáir (t Dm/ha) i gcás na gcineálacha cóimheasa. Is féidir difríocht mór a bheith ann idir blianta agus láithreáin trialach mar thoradh, go príomha, ar dhifríochtaí i gcáilíocht na hithreach agus i ndála aeráide. I gcás ina mbíonn féar á fhás ar thalamh is ísle caighdeán, is féidir a bheith ag súil le torthaí bliantúla i bhfad níos ísle.

Sna sonraí **Scórála maidir le Clúdach Talún** (scála 1 - 9) a thugtar sna Príomh-Tháblaí, léirítear an méid clúdaigh talún nó dlúis báinsí ag deireadh an dara bliain ina mbaintear an barr. Tá sé bunaithe ar amharc-mheasúnacht. Léiríonn figiúr íseal báinseach an-oscailte a d'fhéadfadh teacht faoi réir pasáil nó fadhbanna d'fheithiclí. Ach, ós rud é go ndéantar an chuid is mó cineálacha a chur mar mheascán, is féidir an tionchar atá aige sin ar bhuaine na báinsí a íoslaghdú trí chineálacha ag a bhfuil scóráil ard maidir le clúdach talún a chur san áireamh.

Meastar gurb inmhianaithe go mór scóráil ard maidir le Clúdach Talún a bheith ann (ag deireadh an dara bliain ina mbaintear an barr) agus, os a choinne sin, meastar gur laige é, de ghnáth, scóráil íseal a bheith ag cineál maidir le clúdach talún. Ní dhéantar méid na scórála iarbhír sin maidir le clúdach talún a chur san áireamh i luachanna eacnamaíochta an Innéacs Brabúis Féaraigh (PPI). Ina ionad sin, tugann an PPI luachanna eacnamaíochta a bhaineann le **marthanacht** atá bunaithe ar an athrú ar chlúdach talún gach cineáil ar leith ón tráth a mbaintear an barr ag deireadh bhliain 1 go dtí an tráth a mbaintear an barr ag deireadh bhliain 2. Is féidir

tuilleadh faisnéise faoin tslí ina ríomhtar marthanacht a fháil in Aguisín 1 den fhoilseachán seo.

Déantar figiúirí táirgthe **fáis earraigh** a thabhairt i ndáil leis na cineálacha seagalaí go léir. Is táscairí tábhachtacha iad na figiúirí sin i dtaca le táirgeadh luath féir. Tá sonraí faoi fhás earraigh bunaithe ar thorthaí na ngearrthacha a tógadh roimh lár mhí Aibreáin. (Is iad sin gearrthacha 1 agus 2 sa chóras Innilte Ionsamhlaithe (gearradh tráthrialta), ag brath ar luaithe an fháis). Déantar sonraí breise faoi fhás earraigh don phrótacal Cuspóra Ghinearálta a chur ar fáil in Aguisín 3 den fhoilseachán seo. Tagann sonraí faoi fhás earraigh faoi thionchar dálaí fáis i rith na tréimhse ón ngearradh fómhair is déanaí sa bhliain roimhe sin inar baineadh an barr. Is féidir athruithe móra a bheith ann sna dalaí sin agus is féidir leis na hathruithe sin tionchar a imirt ar fheidhmíocht cineálacha i mblianta ar leithligh. Dá réir sin, go háirithe i gcás na tréithe seo, le go bhféadfar measúnacht chruinn a fháil ar fheidhmíocht is gá sonraí a úsáid a fuarthas thar roinnt blianta ina mbaintear an barr.

Léiríonn figiúirí **fáis samhraidh** sa chóras Innilte Ionsamhlaithe (gearradh tráthrialta) difríochtaí táirgthe idir cineálacha sa tréimhse seo. Tá sonraí faoi fhás samhraidh bunaithe ar chomhthoradh na ngearrthacha a tógadh ó lár Aibreáin go lár Lúnasa.

Léiríonn figiúirí **fáis fómhair** difríochtaí táirgthe idir cineálacha sa tréimhse seo. Tá sonraí faoi fhás fómhair bunaithe ar chomhthoradh na ngearrthacha a tógadh ó lár Lúnasa go deireadh Dheireadh Fómhair.

Léiríonn figiúirí **fáis an Chéad agus an Dara Gearradh Sadhlais** sa chóras Cuspóra Ghinearálta difríochtaí táirgthe idir cineálacha nuair a fhástar iad chun na críche sin. Tá an Chéad Ghearradh Sadhlais bunaithe ar thuairim is fás sé go seacht seachtaine tar éis gearradh tosaigh fáis earraigh a thógáil ag tús mhí Aibreáin. Tá an Dara Gearradh Sadhlais bunaithe ar thuairim is fás sé go seacht seachtaine tar éis bhaint an Chéad Ghearradh Sadhlais. Tugtar na figiúirí sna príomh-tháblaí.

Cáilíocht Féir

Déantar Díleáiteacht Ábhair Thirim (DMD) a chur i láthair mar thomhas de cháilíocht féir. Tá na torthaí (a chuirtear i láthair sna Príomh-Tháblaí) bunaithe ar thástáil ar samplaí pláséin ó ghearrthacha a thógtar i rith an tséasúir fáis ar laithreán trialach amháin. Soláthróidh foráiste níos mó fuinnimh don ainmhí má tá DMD ard ann. Méadaíonn foráiste ina bhfuil leibhéal ard DMD iontógáil DM ainmhithe i gcás nach ndéantar beathú a shrianadh. Bíonn éifeacht mhór ar fheidhmíocht ainmhithe mar gheall ar an méadú sin ar iontógáil. Is féidir difríochtaí móra a bheith ann idir leibhéil DMD iarbhír agus tagann siad faoi réir tionchair nithe éagsúla lena n-airítear an chéim den fhás agus an aeráid. Déantar na luachanna eacnamaíochta agus an meán-DMD ó Aibreán go Iúil a chur i láthair sna Príomh-Tháblaí, agus na luachanna míosúla á gcur i láthair in Aguisín 4 den fhoilseachán seo.

Tugann RTBM admháil i leith an chúnaimh a fuarthas ó Theagasc, Grange, maidir le hanailís saotharlainne a dhéanamh ar shamplaí féir i gcomhair cinntí maidir le cáilíocht.

Achoimre ar na Cineálacha go léir ar Liosta Molta 2017 na gcineálacha Seagalaí Iodálaí ilbhláthaí, Seagalaí Hibride agus Seamar Bán in ord aibítre

Seagalach Iodálach ilbhláthach	Grúpa	Póraitheoir	Bliain a Liostaíodh den Chéad Uair
Davinci	Iodálach	ILVO	2011
Fabio (T)	Iodálach	DSV	1998
Nabucco (T)	Iodálach	DSV	2007

Seagalach Hibride	Grúpa	Póraitheoir	Bliain a Liostaíodh den Chéad Uair
Aberecho (T)	Hibrid	IBERS	2013
Alliance (T)	Hibrid	Limagrain	2011
Pirol	Hibrid	DSV	2009

Seamair Bhán	Grúpa	Póraitheoir	Bliain a Liostaíodh den Chéad Uair
Aberace	Beag	IBERS	2016
Aberherald	Meánach	IBERS	2003
Alice	Mór	IBERS	1995
Avoca	Meánach	Teagasc	1995
Barblanca	Mór	Barenbrug	2009
Buddy	Meánach	Teagasc	2015
Chieftain	Meánach	Teagasc	2005
Coolfin	Beag	Teagasc	2017
Crusader	Meánach	Barenbrug	2009
Galway	Beag	Teagasc	2017
Iona	Meánach	Teagasc	2014

Nóta:
Is féidir mionsonraí faoi phóraitheoirí a fháil in Aguisín 5 den fhoilseachán seo.

Achoimre ar na Cineálacha go léir Seagalaí Buaine ar Liosta Molta 2017 (Luath, Idirmheánach agus Déanach) in ord aibítre

Ainm an chineáil	Grúpa Aibíochta	Póraitheoir	Bliain a Liostaíodh den Chéad Uair
Aberchoice	Déanach	IBERS	2012
Aberclyde (T)	Idirmheánach	IBERS	2017
Abergain (T)	Déanach	IBERS	2013
Abermagic	Idirmheánach	IBERS	2010
Aberplentiful (T)	Déanach	IBERS	2014
Aberwolf	Idirmheánach	IBERS	2017
Alfonso (T)	Déanach	DSV	2016
Aspect (T)	Déanach	DLF	2014
Astonenergy (T)	Déanach	DSV	2015
Boyne	Idirmheánach	DLF	2013
Carraig (T)	Idirmheánach	Teagasc	2012
Clanrye	Déanach	AFBI	2014
Delphin (T)	Déanach	NPZ	2002
Drumbo	Déanach	AFBI	2011
Dunluce (T)	Idirmheánach	AFBI	2007
Fintona (T)	Idirmheánach	AFBI	2017
Genesis	Luath	Teagasc	2012
Glenroyal	Déanach	Teagasc	2015
Glenveagh	Déanach	Teagasc	2012
Kerry	Déanach	Teagasc	2016
Kintyre (T)	Déanach	Teagasc	2012
Magician (T)	Idirmheánach	Teagasc	1999
Majestic	Déanach	Teagasc	2012
Meiduno (T)	Déanach	DLF	2017
Moyola	Luath	AFBI	2012
Navan (T)	Déanach	AFBI	1999
Nifty	Idirmheánach	DLF	2016
Piccadilly	Déanach	DSV	2012
Rosetta	Idirmheánach	AFBI	2013
Seagoe (T)	Idirmheánach	AFBI	2014
Solas (T)	Déanach	Teagasc	2015
Solomon	Idirmheánach	Teagasc	2011
Stefani	Déanach	DLF	2012
Tyrella	Déanach	AFBI	2008
Xenon (T)	Déanach	DLF	2016

NA PRÍOMH-THÁBLAÍ A GHABHANN LE LIOSTA MOLTA 2017

Tá faisnéis tacaíochta le fáil in Aguisíní 1 - 5.

Cineálacha Molta Seagalaí Iodálaí ilbhláthaí, Seagalaí Hibride agus Seagalaí Luaithe Buaine 2017

Déantar sonraí thriail an phrótacail **Cuspóra Ghinearálta** (lena n-áirítear 2 ghearradh sadhlais) a chur i láthair sna trí Thábla thíos.

Seagalach Iodálach ilbhláthach

Ainm an chineáil	Dáta Teacht i nDias[1]	Toradh Iomlán	Clúdach Talún 1-9	Fás Earraigh	Toradh Sadhlais	*DMD %	*WSC %
Meán-t Dm/ha Cóimheasa		*16.2*	*5.1*	*1.4*	*8.6*	*78.2*	*19.2*
Fabio (T)	18-Bealt.	**99**	4.9	98	100	100.7	101
Nabucco (T)	20-Bealt.	**101**	5.1	100	101	100.1	100
Davinci	22-Bealt.	**102**	5.5	103	99	98.6	85

Seagalach Hibride

Ainm an chineáil	Dáta Teacht i nDias[1]	Toradh Iomlán	Clúdach Talún 1-9	Fás Earraigh	Toradh Sadhlais	*DMD %	*WSC %
Meán-t Dm/ha Cóimheasa		*16.0*	*5.3*	*1.2*	*8.6*	*79.2*	*18.9*
Aberecho (T)	18-Bealt.	**99**	5.6	95	102	(104.7)	(129)
Alliance (T)	20-Bealt.	**102**	5.2	100	103	100.7	107
Pirol	22-Bealt.	**103**	5.6	98	105	(98.0)	(90)

Léiríonn ( ) gur sonraí sealadacha atá ann.

Seagalach Luath Bhuan

Ainm an chineáil	Dáta Teacht i nDias[1]	Toradh Iomlán	Clúdach Talún 1-9	Fás Earraigh	Fás Fómhair	*DMD %	*WSC %
Meán-t Dm/ha Cóimheasa		*14.8*	*6.0*	*1.3*	*3.1*	*80.4*	*18.4*
Moyola	11-Bealt	**105**	6.4	109	107	100.0	102
Genesis	12-Bealt.	**103**	6.7	118	102	99.7	103

*Sa Tábla seo, déantar sonraí cóimheasa DMD agus WSC a thaispeáint mar g/100g.
[1]Bealt. = Bealtaine

Tá tuairiscí ar Sheagalach Iodálach ilbhláthach, ar Sheagalach Hibride agus ar Sheagalach Bhuan le fáil ar Leathanach 17.

Tá cineálacha cóimheasa le fáil in Aguisín 2 ar Leathanach 25.

Nóta faisnéise maidir leis na sonraí atá ann i dTáblaí na Seagalaí Idirmheánaí Buaine agus na Seagalaí Luaithe Buaine 2017

Tá measúnú déanta ar na cineálacha atá ann sa phríomh-thábla ar leathanach 14 trí úsáid a bhaint as múnla Theagaisc ar a dtugtar An **tInnéacs Brabúis Féaraigh** (PPI).

Tugann an múnla PPI i leith measúnú cineálacha féir luachanna eacnamaíochta do na tréithe seo a leanas:

1. Táirgeadh Ábhair Thirim Shéasúraigh (DM) a fhoroinntear mar a leanas:
    a. Toradh DM an Earraigh
    b. Toradh DM an tSamhraidh
    c. Toradh DM an Fhómhair
2. Cáilíocht Féir
3. Táirgeadh Ábhair Thirim Sadhlais
4. Marthanacht chineáil

Is ó thrialacha oifigiúla RTBM a fuarthas na sonraí agranamaíocha trialach go léir ar a bhfuil na táblaí seo bunaithe. Tá luachanna PPI curtha ar fáil in éineacht leis na sonraí agranamaíocha sna táblaí seo. Áirítear iontu sonraí ón bprótacal Innilte Ionsamhlaithe (gearradh tráthrialta) maidir le torthaí ábhair thirim earraigh, samhraidh agus fómhair, maidir le cáilíocht (DMD) agus maidir le clúdach talún. Maidir leis na sonraí faoi shadhlas atá ann sna táblaí seo, fuarthas iad ó ghearrthacha 2 agus 3 (an chéad agus an dara gearradh sadhlais faoi seach) de chuid an phrótacail Cuspóra Ghinearálta. Ina theannta sin, rinneadh sonraí ó shíolchur na bliana 2014, lena n-áirítear baint an bhairr sna blianta 2015 agus 2016, a chur san áireamh sa mheasúnú ar chineálacha ar Liosta Molta na bliana seo.

Ar mhaithe le caoithiúlacht, tá tábla malartach ann ar leathanach 15 ina n-aicmítear cineálacha de réir aibíochta agus plóideachta (i.e. de réir an dáta teacht i ndias a bhaineann leo agus de réir cibé acu dioplóideach nó teitreaplóideach atá ann).

Sa chairt seo a leanas tugtar mionsonraí faoi fho-innéacsanna PPI (tréithe), lena n-áirítear Bonnluachanna a thugtar do gach tréith ar leith.

Fo-Innéacsanna PPI

'Bonnluachanna'



Sa chairt thíos, tugtar miondealú ar threise choibhneasta na **bhfo-innéacsanna PPI**, agus tá tuilleadh mionsonraí faoi 'bonnluachanna' le fáil in Aguisín 1 den fhoilseachán seo.



Tabhair do d'aire, le do thoil, gur ceart aird chuí a thabhairt ar na fo-innéacsanna PPI nuair atá cineál a roghnú.

Cineálacha Molta Seagalaí Idirmheánaí Buaine agus Seagalaí Déanaí Buaine 2017

Cineál Ainm	Plóideacht	Teacht i nDias Dáta	Luachanna an Innéacs Brabúis Féaraigh € / Ha / Bliain: Iomlán	Fo-Innéacsanna						Earrach (t DM/ha)	Samhradh (t DM/ha)	Fómhar (t DM/ha)	Toradh Iomlán (t DM/ha)	Meán-DMD (g/kg)	1U Gearradh Sadhlais (t DM/ha)	2U Gearradh Sadhlais (t DM/ha)	Clúdach Talún Scóráil
			PPI	Earrach	Samhradh	Fómhar	Cáilíocht	Sadhlas	Marthanacht	*1.08**	*7.18**	*2.33**	*10.59**	*844.9**	*4.24**	*4.16**	*6.2**
Aberclyde	T	26-Bealt.	**206**	44	49	34	59	19	0	1.27	7.39	2.22	10.88	857.0	4.71	3.85	5.6
Abermagic	D	31-Bealt.	**199**	36	51	68	33	11	0	1.22	7.43	2.53	11.19	849.6	4.46	3.94	6.3
Nifty	D	27-Bealt.	**191**	70	53	57	-7	16	0	1.43	7.50	2.43	11.37	838.6	4.74	3.71	6.4
Fintona	T	22-Bealt.	**178**	58	39	50	11	21	0	1.36	7.12	2.36	10.84	842.0	4.97	3.55	5.8
Aberchoice	D	09-Meith.	**175**	11	49	47	63	6	0	1.07	7.40	2.33	10.80	855.4	3.98	4.40	6.3
Aberwolf	D	31-Bealt.	**171**	58	39	34	29	12	0	1.36	7.11	2.22	10.69	846.9	4.54	3.86	7.0
Rosetta	D	24-Bealt.	**170**	89	29	40	2	11	0	1.55	6.86	2.27	10.68	838.7	4.68	3.60	6.4
Abergain	T	05-Meith.	**169**	17	44	42	64	20	-19	1.10	7.26	2.29	10.66	858.0	4.49	4.19	5.9
Aberplentiful	T	09-Meith.	**167**	39	50	40	29	9	0	1.24	7.42	2.28	10.94	847.5	4.11	4.34	5.7
Seagoe	T	28-Bealt.	**167**	33	40	43	19	33	0	1.20	7.15	2.30	10.66	845.5	4.94	3.98	6.1
Dunluce	T	30-Bealt.	**165**	17	44	46	41	17	0	1.11	7.25	2.33	10.68	849.8	4.23	4.45	5.6
Meiduno	T	06-Meith.	**163**	43	45	41	32	12	-11	1.27	7.29	2.29	10.84	848.7	4.34	4.12	5.2
Solas	T	10-Meith.	**151**	8	43	55	30	15	0	1.05	7.23	2.41	10.69	846.0	3.92	4.78	6.0
Magician	T	22-Bealt.	**141**	46	33	33	6	23	0	1.29	6.96	2.21	10.46	841.0	4.73	3.94	5.7
Astonenergy	T	02-Meith.	**131**	-9	36	38	61	5	0	0.95	7.06	2.26	10.26	857.2	4.38	3.85	5.3
Xenon	T	11-Meith.	**130**	7	37	30	45	10	0	1.04	7.08	2.19	10.31	852.1	3.90	4.66	6.4
Kintyre	T	07-Meith.	**126**	10	37	53	32	6	-11	1.06	7.06	2.39	10.51	846.0	4.03	4.36	6.0
Solomon	D	21-Bealt.	**125**	65	30	31	-24	22	0	1.40	6.89	2.19	10.48	834.2	4.98	3.58	6.5
Alfonso	T	04-Meith.	**113**	-5	36	34	50	-2	0	0.97	7.06	2.22	10.24	853.8	4.28	3.73	6.0
Aspect	T	06-Meith.	**110**	6	40	24	37	5	0	1.04	7.14	2.13	10.30	851.8	4.05	4.27	6.3
Boyne	D	22-Bealt.	**107**	55	31	26	-39	34	0	1.34	6.92	2.15	10.41	828.9	4.99	3.97	6.5
Carraig	T	24-Bealt.	**105**	37	39	32	-12	9	0	1.23	7.13	2.20	10.56	838.8	4.81	3.38	6.1
Navan	T	06-Meith.	**98**	-6	38	48	20	3	-5	0.96	7.09	2.35	10.40	844.9	3.99	4.31	5.8
Drumbo	D	07-Meith.	**96**	13	33	32	43	-6	-19	1.08	6.96	2.20	10.24	847.7	4.02	3.94	6.5
Kerry	D	01-Meith.	**93**	19	40	39	-1	2	-5	1.11	7.15	2.26	10.52	837.8	4.04	4.20	6.2
Glenroyal	D	05-Meith.	**92**	11	39	39	2	2	0	1.07	7.11	2.26	10.45	838.2	4.05	4.18	6.9
Delphin	T	02-Meith.	**91**	2	39	25	16	15	-5	1.01	7.12	2.14	10.27	844.6	4.43	4.10	5.3
Clanrye	D	06-Meith.	**76**	21	39	15	-10	11	0	1.13	7.13	2.05	10.31	834.9	4.08	4.44	7.0
Majestic	D	02-Meith.	**65**	22	30	37	-16	-8	0	1.14	6.89	2.25	10.27	833.0	4.20	3.64	6.9
Glenveagh	D	02-Meith.	**51**	8	32	20	-12	3	0	1.05	6.95	2.10	10.09	835.3	4.26	3.94	6.9
Stefani	D	02-Meith.	**50**	4	25	21	-3	3	0	1.03	6.76	2.10	9.89	837.4	4.29	3.88	6.5
Piccadilly	D	03-Meith.	**46**	10	29	16	-24	15	0	1.06	6.86	2.06	9.98	831.1	4.65	3.79	6.7
Tyrella	D	04-Meith.	**23**	24	17	14	2	-7	-28	1.15	6.55	2.04	9.74	839.9	4.26	3.61	6.4

D = Dioplóideach, T = Teitreaplóideach, Bealt. = Bealtaine, Meith. = Meitheamh

** Léiríonn sé seo meán na gcineálacha cóimheasa Abermagic, Dunluce, Glenveagh & Navan*

Cineálacha Molta Seagalaí Idirmheánaí Buaine agus Seagalaí Déanaí Buaine 2017 (de réir aibíochta agus plóideachta)

Cineál Ainm	Plóideacht	Teacht i nDias Dáta	Luachanna an Innéacs Brabúis Féaraigh € / Ha / Bliain: Iomlán PPI	Fo-Innéacsanna: Earrach	Samhradh	Fómhar	Cáilíocht	Sadhlas	Marthanacht	Earrach (t DM/ha)	Samhradh (t DM/ha)	Fómhar (t DM/ha)	Toradh Iomlán (t DM/ha)	Meán-DMD (g/kg)	1Ú Gearradh Sadhlais (t DM/ha)	2Ú Gearradh Sadhlais (t DM/ha)	Clúdach Talún Scóráil
										*1.08**	*7.18**	*2.33**	*10.59**	*844.9**	*4.24**	*4.16**	*6.2**
Idirmheánach:																	
Solomon	D	21-Bealt.	**125**	65	30	31	-24	22	0	1.40	6.89	2.19	10.48	834.2	4.98	3.58	6.5
Boyne	D	22-Bealt.	**107**	55	31	26	-39	34	0	1.34	6.92	2.15	10.41	828.9	4.99	3.97	6.5
Rosetta	D	24-Bealt.	**170**	89	29	40	2	11	0	1.55	6.86	2.27	10.68	838.7	4.68	3.60	6.4
Nifty	D	27-Bealt.	**191**	70	53	57	-7	16	0	1.43	7.50	2.43	11.37	838.6	4.74	3.71	6.4
Abermagic	D	31-Bealt.	**199**	36	51	68	33	11	0	1.22	7.43	2.53	11.19	849.6	4.46	3.94	6.3
Aberwolf	D	31-Bealt.	**171**	58	39	34	29	12	0	1.36	7.11	2.22	10.69	846.9	4.54	3.86	7.0
Fintona	T	22-Bealt.	**178**	58	39	50	11	21	0	1.36	7.12	2.36	10.84	842.0	4.97	3.55	5.8
Magician	T	22-Bealt.	**141**	46	33	33	6	23	0	1.29	6.96	2.21	10.46	841.0	4.73	3.94	5.7
Carraig	T	24-Bealt.	**105**	37	39	32	-12	9	0	1.23	7.13	2.20	10.56	838.8	4.81	3.38	6.1
Aberclyde	T	26-Bealt.	**206**	44	49	34	59	19	0	1.27	7.39	2.22	10.88	857.0	4.71	3.85	5.6
Seagoe	T	28-Bealt.	**167**	33	40	43	19	33	0	1.20	7.15	2.30	10.66	845.5	4.94	3.98	6.1
Dunluce	T	30-Bealt.	**165**	17	44	46	41	17	0	1.11	7.25	2.33	10.68	849.8	4.23	4.45	5.6
Déanach:																	
Kerry	D	01-Meith.	**93**	19	40	39	-1	2	-5	1.11	7.15	2.26	10.52	837.8	4.04	4.20	6.2
Glenveagh	D	02-Meith.	**51**	8	32	20	-12	3	0	1.05	6.95	2.10	10.09	835.3	4.26	3.94	6.9
Majestic	D	02-Meith.	**65**	22	30	37	-16	-8	0	1.14	6.89	2.25	10.27	833.0	4.20	3.64	6.9
Stefani	D	02-Meith.	**50**	4	25	21	-3	3	0	1.03	6.76	2.10	9.89	837.4	4.29	3.88	6.5
Piccadilly	D	03-Meith.	**46**	10	29	16	-24	15	0	1.06	6.86	2.06	9.98	831.1	4.65	3.79	6.7
Tyrella	D	04-Meith.	**23**	24	17	14	2	-7	-28	1.15	6.55	2.04	9.74	839.9	4.26	3.61	6.4
Glenroyal	D	05-Meith.	**92**	11	39	39	2	2	0	1.07	7.11	2.26	10.45	838.2	4.05	4.18	6.9
Clanrye	D	06-Meith.	**76**	21	39	15	-10	11	0	1.13	7.13	2.05	10.31	834.9	4.08	4.44	7.0
Drumbo	D	07-Meith.	**96**	13	33	32	43	-6	-19	1.08	6.96	2.20	10.24	847.7	4.02	3.94	6.5
Aberchoice	D	09-Meith.	**175**	11	49	47	63	6	0	1.07	7.40	2.33	10.80	855.4	3.98	4.40	6.3
Astonenergy	T	02-Meith.	**131**	-9	36	38	61	5	0	0.95	7.06	2.26	10.26	857.2	4.38	3.85	5.3
Delphin	T	02-Meith.	**91**	2	39	25	16	15	-5	1.01	7.12	2.14	10.27	844.6	4.43	4.10	5.3
Alfonso	T	04-Meith.	**113**	-5	36	34	50	-2	0	0.97	7.06	2.22	10.24	853.8	4.28	3.73	6.0
Abergain	T	05-Meith.	**169**	17	44	42	64	20	-19	1.10	7.26	2.29	10.66	858.0	4.49	4.19	5.9
Meiduno	T	06-Meith.	**163**	43	45	41	32	12	-11	1.27	7.29	2.29	10.84	848.7	4.34	4.12	5.2
Aspect	T	06-Meith.	**110**	6	40	24	37	5	0	1.04	7.14	2.13	10.30	851.8	4.05	4.27	6.3
Navan	T	06-Meith.	**98**	-6	38	48	20	3	-5	0.96	7.09	2.35	10.40	844.9	3.99	4.31	5.8
Kintyre	T	07-Meith.	**126**	10	37	53	32	6	-11	1.06	7.06	2.39	10.51	846.0	4.03	4.36	6.0
Aberplentiful	T	09-Meith.	**167**	39	50	40	29	9	0	1.24	7.42	2.28	10.94	847.5	4.11	4.34	5.7
Solas	T	10-Meith.	**151**	8	43	55	30	15	0	1.05	7.23	2.41	10.69	846.0	3.92	4.78	6.0
Xenon	T	11-Meith.	**130**	7	37	30	45	10	0	1.04	7.08	2.19	10.31	852.1	3.90	4.66	6.4

D = Dioplóideach, T = Teitreaplóideach, Bealt. = Bealtaine, Meith. = Meitheamh

** Léiríonn sé seo meán na gcineálacha cóimheasa Abermagic, Dunluce, Glenveagh & Navan*

TUAIRISCÍ AR CHINEÁLACHA FÉIR

Réamhrá
Tá na tuairiscí ar chineálacha sa leabhrán seo bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sna Príomh-Tháblaí.

De ghnáth, tá na tuairiscí teoranta do chásanna a lua ina bhfuil difríocht mhór, i dtaca le saintréith áirithe de, idir feidhmíocht cineáil áirithe i gcoibhneas le cineálacha eile sa ghrúpa céanna. Níl na tuairiscí ceaptha chun forléargas a thabhairt ar luach cineáil ar leith maidir le gach ceann dá shaintréithe. Is iad na cineálacha atá ar an liosta molta na cinn a raibh an fheidhmíocht ab fhearr acu sna trialacha a rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in Éirinn agus ar ina leith atá cainníochtaí tráchtála síolta táirgthe ag an tionscal síolta. I measc na dtrialacha áirítear líon mór cineálacha a bhí curtha ar aghaidh ag póraitheoirí as cuid mhór tíortha.

Sna tuairiscí thíos, liostaítear cineálacha in ord na ndátaí teacht i ndias laistigh de gach catagóir/grúpa.

SEAGALACH IODÁLACH ILBHLÁTHACH:

Fabio (T):	Cineál teitreaplóideach. Díleáiteacht Ábhair Thirim an-mhaith.
Nabucco (T):	Cineál teitreaplóideach lena ngabhann tairgeadh an-chothrom thar an tréimhse fáis.
Davinci:	Tá an toradh bliantúil agus an clúdach talún a bhaineann leis den chineál is fearr dá bhfuil ann sa Ghrúpa Iodálach. Díleáiteacht Ábhair Thirim measartha maith.

SEAGALACH HIBRIDE:

Aberecho (T):	Tá gealladh faoi na torthaí maidir le cáilíocht ach is torthaí sealadacha iad.
Alliance (T):	Toradh bliantúil maith. Tá an clúdach talún a bhaineann leis den chineál is laige dá bhfuil ann sa ghrúpa. Fás earraigh an-mhaith. Díleáiteacht Ábhair Thirim mhaith.
Pirol:	Toradh bliantúil maith mar aon le toradh sadhlais an-mhaith. Tá na torthaí maidir le cáilíocht measartha maith ach is torthaí sealadacha iad.

SEAGALACH LUATH:

Moyola:	Toradh bliantúil maith agus fás earraigh maith.
Genesis:	Fás earraigh sármhaith.

SEAGALACH IDIRMHEÁNACH BHUAN: DIOPLÓIDIGH

Solomon:	Fás earraigh an-mhaith. Toradh sadhlais an-mhaith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Boyne:	An toradh sadhlais is fearr i measc na gcineálacha ar fad, go háirithe toradh an chéad ghearradh sadhlais. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Rosetta:	An fás earraigh is airde i measc na gcineálacha ar fad. Fás fómhair measartha maith. Cineál sadhlais measartha maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Nifty:	Fás earraigh, samhraidh agus fómhair sármhaith. Cineál sadhlais measartha maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Abermagic:	Fás samhraidh agus fómhair sármhaith. Díleáiteacht Ábhair Thirim an-mhaith agus is í is airde sa chatagóir seo. Cineál sadhlais measartha maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Aberwolf:	Seo an chéad bhliain ar cuireadh ar an Liosta Molta é. Fás earraigh an-mhaith agus fás samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht Ábhar Thirim mhaith. Cineál sadhlais measartha maith. Clúdach talún sármhaith agus is cineál marthanach é.

SEAGALACH IDIRMHEÁNACH BHUAN: TEITREAPLÓIDIGH

Fintona:	Seo an chéad bhliain ar cuireadh ar an Liosta Molta é. Fás earraigh agus fómhair an-mhaith. Díleáiteacht Ábhair Thirim measartha maith. Toradh sadhlais maith, go háirithe an chéad ghearradh. Clúdach talún measartha maith agus is cineál marthanach é.
Magician:	Fás earraigh maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim measartha maith. Toradh sadhlais maith. Clúdach talún measartha maith agus is cineál marthanach é.
Carraig:	Fás séasúrach agus toradh sadhlais measartha maith. Clúdach talún i measc na gcineálacha is fearr teitreaplóideach idirmheánach agus is cineál marthanach é.
Aberclyde:	Seo an chéad bhliain ar cuireadh ar an Liosta Molta é. Fás séasúrach agus toradh sadhlais maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim shármhaith. Clúdach talún measartha maith agus is cineál marthanach é.
Seagoe:	Fás séasúrach maith. Toradh sadhlais sármhaith agus is é an toradh is airde é i measc na dteitreaplóideach idirmheánach. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Dunluce:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim an-mhaith agus toradh sadhlais measartha maith. Is é an cineál is déanaí a thagann i ndias é, i dtaca leis an ngrúpa cineálacha idirmheánacha de. Clúdach talún measartha maith agus is cineál marthanach é.

SEAGALACH DÉANACH BHUAN: DIOPLÓIDIGH

Kerry:	Fás séasúrach maith. An dáta teacht i ndias is luaithe sa chatagóir dioplóideach déanach. Clúdach talún maith.
Glenveagh:	Fás séasúrach measartha maith. Clúdach talún sármhaith agus is cineál marthanach é.
Majestic:	Fás séasúrach measartha maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Stefani	Fás samhraidh agus fómhair measartha maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Piccadilly:	Fás séasúrach measartha maith. Toradh sadhlais maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Tyrella:	Fás earraigh maith. Fás samhraidh agus fómhair measartha maith. Clúdach talún maith.
Glenroyal:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Clúdach talún an-mhaith agus is cineál marthanach é.
Clanrye:	Fás earraigh agus samhraidh maith. Toradh an-mhaith ón dara gearradh sadhlais. Fás fómhair measartha maith. Clúdach talún sármhaith agus is cineál marthanach é.
Drumbo:	Toradh samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim an-mhaith. Clúdach talún maith.
Aberchoice:	Fás samhraidh agus fómhair an-mhaith. Díleáiteacht ábhair thirim shármhaith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.

SEAGALACH DÉANACH BHUAN: TEITREAPLÓIDIGH

Astonenergy:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht ábhair thirim shármhaith. Clúdach talún measartha maith agus is cineál marthanach é.
Delphin:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Clúdach talún measartha maith.
Alfonso:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim an-mhaith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Abergain:	Fás samhraidh agus fómhair an-mhaith. Díleáiteacht ábhair thirim shármhaith. Toradh sadhlais an-mhaith. Clúdach talún measartha maith.
Meiduno:	Seo an chéad bhliain ar cuireadh ar an Liosta Molta é. Fás séasúrach an-mhaith. Toradh sadhlais measartha maith. Clúdach talún measartha maith.
Aspect:	Fás séasúrach measartha maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim mhaith. Clúdach talún an-mhaith agus is cineál marthanach é.
Navan:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim mhaith. Clúdach talún measartha maith.
Kintyre:	Fás séasúrach maith agus fás fómhair an-mhaith. Díleáiteacht Ábhair Thirim mhaith. Clúdach talún maith.
Aberplentiful:	Fás séasúrach an-mhaith, go háirithe san earrach agus sa samhradh. Díleáiteacht Ábhair Thirim mhaith. Clúdach talún measartha maith agus is cineál marthanach é.
Solas:	Fás samhraidh agus fómhair an-mhaith. Díleáiteacht ábhair thirim mhaith agus toradh sadhlais maith. Clúdach talún maith agus is cineál marthanach é.
Xenon:	Fás samhraidh agus fómhair maith. Díleáiteacht Ábhair Thirim an-mhaith. Clúdach talún an-mhaith i gcás teitreaplóidigh dhéanaigh. Is cineál marthanach é.

Cineálacha Molta Seamar Bán 2017

Ainm an chineáil	Toradh Iomlán	Méid na Duilleoige*	Seamair %	Bliain a Liostaíodh den Chéad Uair	Póraitheoir
Meán Cóimheasa: (t DM/ha)	*9.8*				
Barblanca	**105**	Mór (0.76)	50	2009	Barenbrug
Alice	**99**	Mór (0.73)	50	1995	IBERS
Chieftain	**98**	Meánach (0.68)	47	2005	Teagasc
Buddy	**100**	Meánach (0.58)	45	2015	Teagasc
Avoca	**103**	Meánach (0.58)	47	1995	Teagasc
Iona	**94**	Meánach (0.56)	44	2014	Teagasc
Crusader	**95**	Meánach (0.56)	42	2009	Barenbrug
Aberherald	**98**	Meánach (0.55)	45	2003	IBERS
Coolfin	**104**	Beag (0.51)	47	2017	Teagasc
Galway	**95**	Beag (0.36)	38	2017	Teagasc
Aberace	**99**	Beag (0.26)	33	2016	IBERS

Sa tábla thuas, liostaítear na cineálacha in ord laghdaitheach ó thaobh mhéid na duilleoige de.

*Léiríonn na luachanna idir lúibíní méid na duilleoige i gcomparáid leis an gcineál 'Aran' (i.e. Aran = 1.00), bunaithe ar shonraí ó thástálacha D.U.S. Sa Ríocht Aontaithe.

Taispeántar cineálacha cóimheasa in Aguisín 2 ar leathanach 26.

TUAIRISCÍ AR CHINEÁLACHA SEAMAR BÁN

Barblanca:	Cineál mórdhuilleach. Toradh bliantúil an-mhaith. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh táirgeadh sadhlais agus nach bhfuil sé oiriúnach le haghaidh dianinnilt.
Alice:	Cineál mórdhuilleach. Toradh bliantúil maith. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh táirgeadh sadhlais agus nach bhfuil sé oiriúnach le haghaidh dianinnilt.
Chieftain:	Cineál ag a bhfuil duilleoga meánmhéide agus lena ngabhann toradh maith. Is é an ceann is mó é sa chatagóir cineálacha ag a bhfuil duilleoga meánmhéide. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Buddy:	Cineál ag a bhfuil duilleoga meánmhéide agus lena ngabhann toradh maith. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Avoca:	Cineál ag a bhfuil duilleoga meánmhéide agus lena ngabhann toradh an-mhaith. Feidhmíonn sé go maith in éineacht leis an bhféar tionlacain. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Iona:	Cineál ag a bhfuil duilleoga meánmhéide. Feidhmíonn sé go maith in éineacht leis an bhféar tionlacain. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Crusader:	Cineál ag a bhfuil duilleoga meánmhéide. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Aberherald:	Cineál ag a bhfuil duilleoga meánmhéide. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Coolfin:	Cineál beagdhuilleach. Seo an chéad bhliain ar cuireadh ar an Liosta Molta é. Toradh bliantúil an-mhaith. Feidhmíonn sé go maith in éineacht leis an bhféar tionlacain. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Galway	Cineál beagdhuilleach. Seo an chéad bhliain ar cuireadh ar an Liosta Molta é. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.
Aberace:	Cineál beagdhuilleach agus, faoi láthair, is é an cineál is lú é ar an Liosta Molta. Meastar go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh innilt.

Aguisín 1 (RL 2017): 'Bonnluachanna' an Innéacs Brabúis Féaraigh (PPI)

Táirgeadh Ábhair Thirim Séasúrach	**Bonnluach**	**Toradh Kg Δ DM***
Earrach	1.01 t DM/ha	€0.16
Lár an tSéasúir	6.1 t DM/ha	€0.04
Fómhar	1.9 t DM/ha	€0.11

Cáilíocht Féir - DMD	**Bonnluach**	**Aonad Δ DMD/Kg***
Aibreán	853.6 g/kg	- €0.001
Bealtaine	855.7 g/kg	- €0.008
Meitheamh	826.3 g/kg	- €0.010
Iúil	816.1 g/kg	- €0.009

Táirgeadh Ábhair Thirim Sadhlais	**Bonnluach**	**Toradh Kg Δ DM***
An Chéad Ghearradh Sadhlais	4.50 t DM/ha	€0.04
An Dara Gearradh Sadhlais	3.50 t DM/ha	€0.03

*Tagraíonn Δ (Delta) do 'athrú'

Marthanacht (-€56/bliain)

Rinneadh an luach eacnamaíochta do mharthanacht a chinneadh ar bhonn costas athshíolaithe **€672/ha**, arna ríomh de réir costas agus praghsanna cothrom le dáta (Teagasc 2013).

Rinneadh fiúntas eacnamaíochta gach cineáil i dtaca le marthanacht de a chinneadh trí chostas an athshíolaithe a roinnt ar an líon blianta a mhaireann cineál, agus **luach** €0 á thabhairt do chineálacha a shroicheann an tairseach toraidh ar feadh **12 bhliain** (Creighton et al, 2011) nó níos faide agus luach eacnamaíochta diúltach a bheith ag na cineálacha go léir a mbaineann tréimhse níos giorra ná sin leo. Rinneadh an líon blianta ina raibh toradh níos mó ná 6.5 **t Dm/ha** ag cineál ar leith a chainníochtú mar an líon blianta a mhair an cineál sin.

Is ionann scóráil talún (GS) agus amharc-mheastachán ar an gcion de sheagalach bhuan bháinsí atá ann (Camlin & Stewart, 1976). Rinneadh an scóráil talún a mheas ag deireadh Bhliain 1 agus ag deireadh Bhliain 2 i dtrialacha VCU. Rinneadh an difríocht sa GS idir an dá bhliain sin a shainiú mar **athrú ar scóráil talún (GSΔ). Rinneadh cailleadh comhfhreagrach 1683 kg Dm/ha sa toradh DM a chur i bhfeidhm in aghaidh gach cailleadh aon-aonad sa GS.** Glacadh leis gurbh é a bhí sa ráta GSΔ tar éis bhliain 2 ná an 0.54ú cuid den ráta athraithe idir an chéad dá bhliain.

Measadh go raibh gá le hathshíolú nuair a shroich cineál an tairseach toraidh 6.5 t Dm/ha ar laistigh de a cinneadh an líon blianta a mhair an cineál.

Aguisín 2 (RL 2017): Cineálacha cóimheasa – Féar

	Cineálacha Cóimheasa do PRG* LUATH
Cur Trialach 2006	Anaconda (T), Eanáir
Cur Trialach 2008	Anaconda (T), Eanáir

	Cineálacha Cóimheasa do PRG* IDIRMHEÁNACH
Cur Trialach 2010	Aberstar, Premium, Shandon, Magician (T), Malone (T), Trend (T)
Cur Trialach 2011	Premium, Abermagic, Dunluce (T), Magician (T)
Cur Trialach 2012	Premium, Abermagic, Dunluce (T), Magician (T)
Cur Trialach 2013	Abermagic, Rosetta, Dunluce (T), Magician (T)
Cur Trialach 2014	Abermagic, Dunluce (T), Glenveagh (Déanach), Navan (T) (Déanach)

	Cineálacha Cóimheasa do PRG* DHÉANACH
Cur Trialach 2010	Denver, Mezquita, Tyrella, Abercraigs (T), Delphin (T), Glencar (T)
Cur Trialach 2011	Soriento, Tyrella Delphin (T), Navan (T)
Cur Trialach 2012	Mesquita, Tyrella Delphin (T), Navan (T)
Cur Trialach 2013	Glenveagh, Tyrella, Delphin (T), Navan (T)
Cur Trialach 2014	Abermagic (Idirmheánach), Dunluce (T) (Idirmheánach), Glenveagh, (Navan (T)

	Cineálacha Cóimheasa do SHEAGALACH IODÁLACH ILBHLÁTHACH
Cur Trialach 2007	Aberepic, Fabio (T), Nabucco (T)
Cur Trialach 2009	Aberepic, Fabio (T), Nabucco (T)

	Cineálacha Cóimheasa do SHEAGALACH HIBRIDE
Cur Trialach 2007	Alliance (T), Ligunda, Motivel (T)
Cur Trialach 2009	Abereve (T), Marmota (T), Pirol, Redunca (T)

* Úsáidtear 'PRG' chun 'Seagalach Bhuan' a chur in iúl.

Aguisín 2 (RL 2017) ar leanúint: Cineálacha cóimheasa - Seamair Bhán

	Cineálacha cóimheasa do SHEAMAIR BHÁN
Cur Trialach 2006	Aberherald, Alice, Aran, Avoca
Cur Trialach 2008	Aberherald, Alice, Aran, Avoca
Cur Trialach 2010	Aberherald, Alice, Aran, Avoca
Cur Trialach 2012	Barblanca, Chieftain, Crusader, Alice

Aguisín 3 (RL 2017): Cuspóir Ginearálta - Gearrthacha Breise[1]

Ainm an chineáil		Earrach (t DM/ha)	Deireadh an tSamhraidh (t DM/ha)	Fómhar (t DM/ha)	Toradh Iomlán (t DM/ha)
Meán Cóimheasa (t Dm/ha)		*0.90*	*1.87*	*3.03*	*14.01*
Grúpa PRG Idirmheánach					
Solomon	D	1.25	1.84	2.87	14.35
Boyne	D	1.23	1.87	2.91	14.79
Rosetta	D	1.25	2.02	2.98	14.35
Nifty	D	1.08	1.91	3.03	14.30
Abermagic*	D	0.92	1.93	3.21	14.30
Aberwolf	D	1.23	1.98	2.80	14.22
Fintona	T	1.23	1.88	3.07	14.53
Magician	T	1.14	1.86	2.82	14.26
Carraig	T	1.17	1.84	2.87	13.90
Aberclyde	T	0.96	1.73	2.69	13.75
Seagoe	T	1.10	1.92	2.85	14.57
Dunluce*	T	0.96	1.98	3.04	14.43
Grúpa PRG Déanach					
Kerry	D	1.18	1.91	3.01	14.14
Glenveagh*	D	0.87	1.71	2.79	13.42
Majestic	D	1.13	2.05	2.92	13.75
Stefani	D	1.05	1.73	2.69	13.45
Piccadilly	D	1.06	1.80	2.76	13.96
Tyrella	D	1.10	1.77	2.67	13.22
Glenroyal	D	0.91	1.82	2.90	13.68
Clanrye	D	0.94	1.72	2.74	13.72
Drumbo	D	0.90	1.83	2.70	13.20
Aberchoice	D	0.93	1.85	3.01	14.00
Astonenergy	T	0.86	1.98	2.93	13.80
Delphin	T	1.02	1.82	2.90	14.10
Alfonso	T	0.96	1.81	2.81	13.39
Abergain	T	1.18	1.98	3.06	14.71
Meiduno	T	1.16	1.95	3.02	14.38
Aspect	T	1.00	1.82	2.94	13.90
Navan*	T	0.87	1.84	3.06	13.87
Kintyre	T	1.02	1.90	3.11	14.20
Aberplentiful	T	0.96	1.94	3.11	14.26
Solas	T	0.97	1.92	3.13	14.33
Xenon	T	0.88	1.82	2.85	13.92

*Is iad seo a leanas na cineálacha cóimheasa: Abermagic, Dunluce, Glenveagh agus Navan.

[1] Tá torthaí sadhlais a bhaineann leis an tábla seo san áireamh sna príomh-tháblaí RL ar leathanaigh 14 & 15.

Aguisín 4 (RL 2017): Innilt Ionsamhlaithe (gearradh tráthrialta) - Sonraí faoi Dhíleáiteacht Ábhair Thirim (DMD)[2]

Ainm an chineáil		DMD 1 (Aibreán)	DMD 2 (Bealtaine)	DMD 3 (Meitheamh)	DMD 4 (Iúil)
Meán Cóimheasa (g/kg)		*864.8*	*857.4*	*834.6*	*822.9*
Grúpa PRG Idirmheánach					
Solomon	D	861.1	842.6	812.8	820.2
Boyne	D	853.4	848.5	814.7	798.9
Rosetta	D	855.8	852.8	827.4	818.7
Nifty	D	863.6	849.5	819.3	822.0
Abermagic*	D	872.4	860.9	833.9	831.4
Aberwolf	D	864.1	860.8	831.7	831.2
Fintona	T	861.9	845.8	827.8	832.4
Magician	T	861.3	853.6	826.2	822.7
Carraig	T	868.4	850.1	809.6	826.9
Aberclyde	T	878.0	862.6	834.0	853.3
Seagoe	T	868.0	858.5	827.5	828.2
Dunluce*	T	866.3	858.9	842.5	831.5
Grúpa PRG Déanach					
Kerry	D	854.4	857.5	834.5	804.9
Glenveagh*	D	855.1	850.3	823.6	812.3
Majestic	D	849.8	843.4	826.2	812.5
Stefani	D	854.3	850.2	825.6	819.4
Piccadilly	D	849.0	847.5	827.2	800.7
Tyrella	D	860.4	857.4	830.6	811.4
Glenroyal	D	854.0	853.1	832.6	812.9
Clanrye	D	851.4	851.1	829.0	808.1
Drumbo	D	855.3	861.9	853.4	820.2
Aberchoice	D	868.2	874.5	860.0	818.9
Astonenergy	T	877.4	876.3	850.1	825.0
Delphin	T	867.2	863.2	837.6	810.3
Alfonso	T	874.5	869.6	852.3	818.9
Abergain	T	877.4	874.5	849.2	831.1
Meiduno	T	869.9	864.9	842.5	817.6
Aspect	T	877.2	873.0	839.8	817.3
Navan*	T	865.3	859.5	838.3	816.6
Kintyre	T	858.2	863.1	847.0	815.7
Aberplentiful	T	867.5	860.3	839.2	823.1
Solas	T	859.7	858.7	840.4	825.2
Xenon	T	871.5	866.4	845.8	824.8

[2]Tá meán-DMD a bhaineann leis na ceithre ghearradh thuas san áireamh sna príomh-tháblaí RL ar leathanaigh 14 & 15.

*Is iad seo a leanas na cineálacha cóimheasa: Abermagic, Dunluce, Glenveagh agus Navan.

Aguisín 5 (RL 2017): Mionsonraí faoi Phóraitheoirí[3]

Póraitheoir	Tír	Seoladh
AFBI Agri-Food & Biosciences Institute	Tuaisceart Éireann	Manor House, Loughgall, Armagh, BT61 8 JB
Barenbrug	An Ísiltír	Barenbrug Holland BV Postbus 1338 6501 BH Nijmegen
DLF Seeds A/S	An Danmhairg	Højerupvej 31 DK 4660 Store Heddinge
DSV Deutsche Saatveredelung AG	An Ghearmáin	Weissenburger Straße 5, 59557 Lippstadt
IBERS Institute of Biological, Environmental and Rural Sciences (An Bhreatain Bheag)	An Ríocht Aontaithe	Ollscoil Aberystwyth (IBERS) Plas Gogerddan, Aberystwyth, Ceredigion SY23 3EE
ILVO An Institiúid Taighde Talmhaíochta agus Iascaigh	An Bheilg	An Roinn Póraithe Plandaí agus Géinitice Caritasstraat 21, 9090 Melle,
Limagrain (UK)	An Ríocht Aontaithe	Limagrain UK Ltd., Rothwell, Market Rasen, Lincolnshire, LN7 6DT
NPZ Norddeutsche Pflanzenzucht	An Ghearmáin	Norddeutsche Pflanzenzucht Hans-Georg Lembke KG Hohenlieth D-24363 Holtsee
Teagasc	Éire	Ionad Taighde Pháirc na Darach, Ceatharlach

[3]Tá na mionsonraí faoi phóraitheoirí liostaithe in ord aibítre agus is iad na póraitheoirí iad a bhfuil cineálacha Féir agus/nó Seimre Báine atá liostaithe san fhoilseachán seo póraithe acu.

DEPARTMENT OF AGRICULTURE, FOOD AND THE MARINE
AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

LIOSTAÍ MOLTA

Cineálacha Gránach

Cineálacha Féir agus Seamar Bán

Cineálacha Grán Buí Foráiste

Cineálacha Ola Ráibe Geimhridh

Cineálacha Pónairí Earraigh

SCÉIMEANNA AGUS SEIRBHÍSÍ MAIDIR LE BARRA

Deimhniú Síolta

Tástáil Síolta

Nuair a úsáidtear síolta deimhnithe cinntítear go mbeidh ardleibhéal íonachta agus péactha ann.

Liostaí Molta ar Láithreán Gréasáin RTBM.

www.agriculture.gov.ie

Tá Liosta Molta na gCineálacha Féir agus Seamar Bán 2017 ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Téigh chuig an láithreán gréasáin agus cliceáil ar **Foilseacháin.**